NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Clár Foghlama Leibhéal 2 den tSraith Shinsearach: Drámaíocht

## Modúl Roghnach

## Dréacht le haghaidh comhairliúcháin

Eanáir 2025

# Réamhrá

Is éard atá i gClár Foghlama Leibhéal 2 den tSraith Shinsearach (CFL2SS) raon de réimsí curaclaim, agus gach ceann acu deartha ar bhonn modúlach. Tá ceithre réimse curaclaim ag croílár CFL2SS: Uimhearthacht; Cumarsáid agus Litearthacht; Cúram Pearsanta; agus Sruthanna Roghnacha. Modúl roghnach is ea an Drámaíocht.

Modúl amháin atá sa Drámaíocht. Tá sé deartha le haghaidh 60 uair an chloig ar a laghad den am teagaisc/ranga ar feadh dhá bhliain.

| Teideal modúil | Am molta in uaireanta an chloig |
|---|---|
| Drámaíocht | 60 |

# Réasúnaíocht

Cuirtear go mór le forbairt an duine iomláin nuair a fhoghlaimítear trí na healaíona. Tríd an Drámaíocht ar Leibhéal 2, cumasaítear don scoláire a chuid nó a cuid smaointe, ábhar machnaimh, mothúchán agus eispéireas a fhiosrú agus a chur in iúl ar bhealaí briathartha agus neamhbhriathartha. Cumasaítear léi cumarsáid agus scileanna sóisialta a fhorbairt. Tríd an Drámaíocht, soláthraítear deiseanna don scoláire le bealaí malartacha chun cumarsáid a dhéanamh le daoine eile a fhiosrú agus a fhorbairt, agus cuidiú á thabhairt dó nó di chun scileanna saoil a fhorbairt agus ciall a bhaint as an saol. Ós rud é go bhfuil drámaíocht ina disciplín ealaíon, cuirtear tuiscint agus léirthuiscint ar na healaíona agus cultúir chun cinn léi, faoi mar atá an scoláire nochta don saol cultúrtha timpeall air nó uirthi.

Trí bhealaí neamhfhoirmiúla, praiticiúla, agus staideanna sa saol mar atá nó staideanna samhailteacha á n-úsáid, le drámaíocht tacaítear le cruthaitheacht, scileanna idirbheartaíochta, scileanna glactha sealaíochta agus inniúlacht an scoláire chun freagairt do staideanna nua nó anaithnide agus comhbhá a fhorbairt. Cumasaítear don scoláire dul i ngleic lena chuid nó lena cuid mothúchán chomh maith lena intleacht nó lena hintleacht, agus a chuid nó a cuid ábhar machnaimh, smaointe, mothúchán agus eispéireas á gcur in iúl trí fhuaim, gothaí, dreacha agus gluaiseacht i suíomh tacaithe. Is féidir leis nó léi breathnóireacht a dhéanamh, cinntí a dhéanamh, tuar a dhéanamh agus fadhbanna a réiteach. Foghlaimíonn an scoláire conas a dhéantar brí a mhúnlú agus a chur in iúl. Cothaíonn an scoláire comhbhá de réir mar a dhéanann sé nó sí staidéar ar an gcarachtar agus a shainaithníonn sé nó sí bealaí ina nascann gnéithe de dhrámaíocht le smaointe chun ciall a chruthú.

Cuireann forbairt ar thuiscint an scoláire ar mhothúcháin le forbairt príomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach. Nuair a tharlaíonn sin, tacaítear leis an bhfoghlaim uile trasna na sraithe sinsearaí agus déantar forbairt scileanna saoil tábhachtacha, atá bunriachtanach do neamhspleáchas an scoláire, a chur chun cinn. Téann an méid sin chun tairbhe don scoláire ar chuid mhór bealaí faoi mar a dhéanann sé nó sí dul chun cinn i gconairí foghlama agus a aistríonn sé nó sí chuig an saol tar éis na scoile.

# Leanúnachas agus dul chun cinn

Tríd an modúl, cuirtear foghlaim agus eispéiris an scoláire chun cinn i gcuraclam Drámaíochta na Bunscoile agus sa taithí a fhaigheann sé nó sí ar an tsraith shóisearach, agus tógtar air sin. Trí dhrámaíocht, tacaítear le príomhscileanna a fhorbairt agus a chur chun cinn, príomhscileanna a bhaineann le féinbhainistiú, le bheith ag fanacht folláin, le cumarsáid a dhéanamh, le bheith cruthaitheach, le bheith ag obair le daoine eile agus le heolas agus smaointeoireacht a

bhainistiú. Tríd an drámaíocht, cuirtear forbairt agus foghlaim chun cinn freisin i réimsí amhail litearthacht, uimhearthacht, teanga, comhordú luaile, soghluaisteacht agus scileanna fóillíochta.

Tá sé d'aidhm ag an drámaíocht sa tsraith shinsearach tógáil ar scileanna féinléirithe, idirphearsanta cumarsáideacha, inphearsanta an scoláire agus neamhspleáchas níos mó a chur chun cinn, chomh maith le braistint gaisce agus muiníne a sholáthar don scoláire ina chuid nó ina cuid foghlama. Tugtar deiseanna don scoláire a léiriú conas is féidir an fhoghlaim a fhaightear anseo a nascadh leis an bhfoghlaim roimhe seo, le modúil agus réimsí curaclaim eile, le gníomhaíochtaí na scoile i gcoitinne agus leis an saol lasmuigh den scoil, agus a chuid nó a cuid foghlama á cur i bhfeidhm i réimsí amhail Litearthacht, a réimse sainspéise, Cumarsáid agus Litearthacht, Uimhearthacht, Corpoideachas, scileanna TF, Amharc-ealaín, Ceol agus OSPS. Tá an méid sin ina chuidiú chun foghlaim a neartú agus inniúlacht an scoláire a chur chun cinn chun cumarsáid a dhéanamh, idirghníomhú, bheith cruthaitheach, é nó í féin a chur in iúl, a chuid nó a cuid mothúchán agus smaointe, peirspictíochtaí agus cruinneshamhail daoine eile a fhiosrú ar bhealaí éagsúla. Tríd sin tacaítear leis an scoláire lasmuigh den scoil agus soláthraítear braistint gaisce agus muiníne don scoláire de réir mar a aistríonn sé nó sí chuig saol na ngairmeacha, an staidéir nó seirbhísí breise lasmuigh den scoil.

## Teagasc agus foghlaim

Scáth-théarma is ea an Drámaíocht le haghaidh réimse eispéireas agus gníomhaíochtaí foghlama lena n-áirítear mím, tobchumadóireacht, rólimirt, aisteoireacht a dhéanamh ar sheichimh ó dhrámaí (réamhscriptithe nó neamhscriptithe), scannáin nó ceoldrámaí agus tabhairt faoi chluichí drámaíochta, cleachtaí gluaiseachta, scéalta grinn a insint, scéalta a insint nó smaoineamh a chur in iúl.

Is féidir go dtógfaidh sé am scileanna a bhaineann le drámaíocht a fhorbairt. Is féidir le drámaíocht a bheith i bhfoirm seisiúin ghairide inar féidir leis an scoláire scéal grinn a insint, scéal a roinnt nó cluichí a imirt amhail searáidí. Is féidir leis an scoláire tabhairt faoi sheichimh nó drámaí níos faide agus beidh gá le méid níos faide ama chuige sin. De réir a chéile, forbróidh sé nó sí scileanna cumarsáide, gluaiseachta agus samhlaíochta.

Ba cheart a mholadh don scoláire a rogha cineál drámaíochta agus róil dhifriúla a fhiosrú. Ar na róil is féidir an méid seo a leanas a áireamh, ach níl siad teoranta dó: dearthóir seit, cúntóir feistis, gruaige, smididh, prapaí, stiúrthóir, aisteoir agus duine den lucht féachana. Ba cheart an scoláire a spreagadh chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí tobchumadóireachta, inár féidir leis nó léi seiteanna spontáineacha a chruthú bunaithe ar phrapaí, leideanna nó cásanna. Is féidir leis an scoláire seiteanna scríofa agus dialóga a chleachtadh agus a léiriú nó tabhairt faoin léiriú i gcleachtaí uile-ranga amhail seanchas. Is féidir leis nó léi tabhairt faoi na gníomhaíochtaí sin i suíomhanna grúpa níos lú freisin, d'fhonn léiriú i ngrúpa nó ar bhonn indibhidiúil.

Trí theicnící léirithe éagsúla a mhúineadh don scoláire go sonrach amhail fuaim, modhnú gothaí, comharthaíocht choirp agus gothaí gnúise chun mothúcháin agus insintí a chur in iúl go héifeachtach, is féidir leis an scoláire a scileanna briathartha agus neamhbhriathartha cumarsáide agus gluaiseachta a léiriú agus a fhorbairt. Foghlaimíonn an scoláire trí bheith ag breathnú, ag eagrú, ag taifeadadh, ag léirmhíniú agus ag tuar. Déanfaidh sé nó sí aithris ar na scileanna sonracha a foghlaimíodh amhail ceist a chur, óráid a thabhairt, tosú ar bhreathnú sa tsúil, nó breathnú sa tsúil, agus gothaí gnúise, spás agus gluaiseacht coirp a n-úsáid chun brí a chur in iúl. Is féidir an méid sin a bhaint amach a thuilleadh trí charachtair agus próifílí carachtair a fhorbairt chun a ról a fheabhsú.

Tríd an modúl seo, soláthraítear deiseanna chun bheith ag plé le drámaíocht ar bhealach cruthaitheach agus samhlaíoch chun an mhuinín a thabhairt don scoláire é nó í féin a chur in iúl, tuairimí a thabhairt agus a chuid nó a cuid smaointe féin a úsáid laistigh den mhodúl seo agus

trasna na foghlama uile. Is féidir leis nó léi a chuid nó a cuid samhlaíochta a fhorbairt ach drámaíocht a chruthú, a bheith ag plé léi agus í a chur i láthair. Tá an méid sin ina chuidiú chun an fhoghlaim uile a neartú agus inniúlacht an scoláire a chur chun cinn chun cumarsáid a dhéanamh, idirghníomhú, cruthú, é nó í féin a chur in iúl, mothúcháin agus smaointe a fhiosrú chomh maith le peirspictíochtaí agus tuairimí daoine eile a fhiosrú ar bhealaí éagsúla.

## Modúl: Drámaíocht

### Tuairisceoir modúil

Gheobhaidh an scoláire taithí ar chineálacha éagsúla drámaíochta mar dhuine aonair agus laistigh de ghrúpa, agus glacfaidh sé nó sí páirt iontu. Tabharfar tacaíocht dó nó di chun machnamh a dhéanamh ar a léiriú, róil dhifriúla a shainaithint i ndrámaíocht, freagairt do dhráma nó critíc a dhéanamh ar dhráma. Tríd an modúl seo, tacaítear leis an scoláire a shamhlaíocht nó a samhlaíocht a nascadh le hábhair mhachnaimh agus mothúcháin agus tacaítear leis nó léi chun é nó í féin a chur in iúl trí dhrámaíocht. Foghlaimíonn an scoláire conas a dhéantar brí a mhúnlú agus a chur in iúl. Cothaíonn an scoláire comhbhá de réir mar a dhéanann sé nó sí staidéar ar an gcarachtar agus a shainaithníonn sé nó sí bealaí ina nascann gnéithe de dhrámaíocht le smaointe chun ciall a chruthú.

| Foghlaimíonn an scoláire faoin méid seo a leanas: | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| Féinléiriú trí dhrámaíocht. Forbraíonn an scoláire teicnící agus scileanna drámaíochta amhail an cholainn a athrú agus a bhogadh trí chruth, méid agus luas. Bíonn an scoláire níos rannpháirtí i ngnásanna agus coincheapa drámaíochta de réir mar a úsáideann sé nó sí fuaimeanna, focail, gothaí, gluaiseacht coirp, spás agus gothaí gnúise le níos mó smachta agus muiníne, rud a chuidíonn, dá réir sin, le tacú lena fhéinléiriú nó lena féinléiriú. | a. Plé a dhéanamh ar an áit a bhféadfadh sé nó sí drámaíocht a fheiceáil ina shaol nó ina saol agus ar shamplaí de dhrámaíocht<br>b. Prapaí a láimhsiú agus a láimhseáil<br>c. Plé a dhéanamh ar an bhfáth a bhfuil gá le prapaí don drámaíocht<br>d. Prapaí cuí a roghnú do phíosa drámaíochta<br>e. Gluaiseacht a chleachtadh laistigh de spás<br>f. A cholainn nó a colainn a bhogadh de réir crutha, méide agus luais chun brí a chur in iúl<br>g. Gnásanna drámaíochta atá le húsáid i bpíosa drámaíochta a shainaithint<br>h. A léiriú conas a úsáidtear fuaim, gotha, glór, gluaiseacht agus spás i ndrámaíocht le dul i gcion |

| | |
|---|---|
| | i. I gcomhthéacsanna réamhscriptithe, teicnící drámaíochta a úsáid (glór, colainn, gluaiseacht, spás) chun carachtar nó giúmar a chur in iúl<br>j. Idirdhealú a dhéanamh idir tuineacha agus gníomhartha difriúla agus ar an gcaoi a gcuireann siad mothúcháin in iúl i ndrámaíocht<br>k. Úsáid a bhaint as fuaimeanna, glór nó gothaí gnúise chun a ról agus a staid a léiriú i ndrámaíocht |
| Conas a scileanna drámaíochta a struchtúrú, agus úsáid á baint as gnásanna agus teicnící drámaíochta chun píosa oibre a chruthú. Foghlaimíonn an scoláire conas smaointe a fhorbairt nó a thosú é nó í féin nó le daoine eile chun píosa drámaíochta a phleanáil agus a fhorbairt agus conas machnamh a dhéanamh ar a ról, ról daoine eile agus léiriú drámaíochta, agus conas meastóireacht agus critíc a dhéanamh ar an méid sin. | l. Páirt a ghlacadh i bpíosa drámaíochta a chruthú agus a léiriú ar bhonn indibhidiúil agus i ngrúpa<br>m. Seichimh nó sleachta a chleachtadh agus a léiriú<br>n. Cur le smaointe i ndrámaíocht agus iad a fhorbairt, agus úsáid á baint as taithí phearsanta agus samhlaíocht<br>o. Píosa drámatúil gairid a chruthú agus a léiriú, bunaithe ar a chuid nó ar a cuid smaointe (braite nó samhalta) féin nó spreagthaigh eile<br>p. Léiriú a chonaic sé nó sí nó ar ghlac sé nó sí páirt ann a mheasúnú<br>q. Ról daoine eile sa phíosa drámaíochta a mheas<br>r. Tobchumadóireacht a chruthú bunaithe ar a shamhlaíocht nó ar a samhlaíocht, imeacht, taithí phearsanta nó radharc ceaptha<br>s. Cur síos a dhéanamh ar conas a úsáidtear ceol nó rince i bpíosa drámaíochta le dul i gcion<br>t. Ceol nó rince a roghnú chun píosa drámaíochta a fheabhsú agus rogha ceoil nó rince do dhrámaíocht a mhíniú. |

